# Breithlá Mol Mata

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Ailgéabar - patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú - Teanga, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Réasúnaíocht - patrúin inbhraite a aithint agus a chruthú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | patrúin, cnaipí, coirníní, céad rud eile, glas, buí, gorm, dearg srl. cóipeáil, leathnú |
| **Áiseanna** | cnaipí, licíní, cárta, péinteanna, criáin, marcóirí, pinn luaidhe, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ceistíonn an múinteoir na daltaí faoin gciall atá leis an bhfocal 'patrún'. Tugann an múinteoir sampla de phatrún agus iarrann sé ar na daltaí féachaint timpeall an tseomra ranga chun patrúin a fheiceann siad a shainaithint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tá Mol Mata ag cur slacht ar a sheomra roimh a bhreithlá agus tagann sé ar chrúsca cnaipí. Leagann an múinteoir licíní amach i bpatrún, iarrann sé ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an bpatrún agus ansin déanann na daltaí an patrún a chóipeáil agus é a athdhéanamh.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuireann an múinteoir crúsca licíní nó a leithéid ar fáil do na daltaí. An féidir leat cabhrú le Mol Mata patrún difriúil a dhéanamh ag úsáid dhá dhath? Úsáid an Uirlis Sórtála Mol Mata chun an patrún a thaispeáint.

### 4 Gníomhaíocht 4

Is maith le Mol Mata patrúin. An féidir leat cárta breithlae a dhéanamh do Mol Mata agus do phatrún féin a dhearadh don imeall? Roinneann daltaí a gcuid patrún leis an rang.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad dath a d'úsáid tú i do phatrúin?<br>• Cad iad na dathanna a d'úsáid tú?<br>• Cad é an chéad dath eile?<br>• Cé mhéad cnaipe/licín a d'úsáid tú? | • Déan cur síos ar an bpatrún a fheiceann tú.<br>• Cé mhéad patrún is féidir leat a dhéanamh le dhá dhath?<br>• Cén patrún is fearr leat? Cén fáth?<br>• An féidir leat patrún difriúil a dhéanamh ag úsáid na ndathanna céanna?<br>• An bhfuil freagra gach duine mar an gcéanna? Cén fáth/Cén fáth nach bhfuil?<br>• Dá mbeadh níos mó dathanna agat, an athrófá do phatrún? Conas? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Socraigh líon na ndathanna ag brath ar ábaltacht. Pléigh na torthaí féideartha ar fad le dhá dhath/trí dhath srl.